CEACHT 36

AG DUL A LUÍ



Pictiúr: Radharc:

An seomra suite, na leanaí ag féachaint ar an teilifís, clog (seacht a chlog), Mamaí ag teacht isteach, culaith oíche a chur ina láimh, staighre, Bríd agus Nóirín ar a nglúine agus iad ag rá a bpaidreacha. An bheirt acu ina gcodladh sa leaba. Ciorcal cainte.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Bhí sé a seacht a chlog. Bhí na leanaí ag féachaint ar an teilifís. Tháinig Mamaí isteach. Bhí culaith oíche Nóirín aici.

Agallamh

MAMAÍ: Tá sé in am dul a luí anois, a Nóirín. Seo duit do chulaith oíche.

NÓIRÍN: Tá eagla orm dul a chodladh liom féin.

BRÍD: Rachaidh mise leat.

MAMAÍ: Oíche mhaith agaibh, a leanaí.

BRÍD & NÓIRÍN: Oíche mhaith agat, a Mhamaí.

Cuntas Reatha

Chuaigh na cailíní suas an staighre. Dúirt siad a bpaidreacha. Thit siad ina gcodladh ansin.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Cén t-am a bhí ann?
Cá raibh na leanaí?
Tháinig duine éigin isteach?
Féach! bhí rud éigin aici?

A "Mhamaí", abair le Nóirín dul a luí. Agus tabhair di, an chulaith oíche.
Bhuel, a "Nóirín", tá eagla ort?
Céard a dhéanfaidh tú, a "Bhríd"?
Fág slán leo, a "Mhamaí".
Freagraigí í, a "leanaí".

Céard (cad) a rinne na cailíní ansin?
Agus céard faoina bpaidreacha?
Agus cad a tharla ansin?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Tá eagla *orm* dul a chodladh *liom* féin.

   (*mise, eisean, ise, Bríd agus Nóirín*).

2. Tá sé in am *dul a luí.*

   (*téigh abhaile, tar ar scoil, ith lón, foghlaim ceachtanna,* etc.).

3. Dúirt *siad a bpaidreacha.*

   (*mé, tú, sé, sí, Seán, Máire, an buachaill*).

4. *Dúirt* siad a bpaidreacha.

   (*anois, gach lá, amárach;* ní, an?: *inné;* an?: *amárach*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.

2. Dráma:

   Mamaí ag glaoch ar na páistí éirí ar maidin.

3. Scéal a chumadh:

   Bhí mé ag féachaint ar an teilifís aréir. Tháinig Mamaí isteach . . .

   nó:

   Nuair a chuaigh na páistí suas an staighre bhí luch sa seomra codlata.

4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

5. Cluiche:

   "*Tomhais cén t-am é?*"

   Clog á láimhseáil ag páiste a bhfuil a dhroim leis an rang aige: *nó* teilifíseán bréige a chur ar fáil agus pictiúir éagsúla a thaispeáint air.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

. . . nó: "*Oíche mhaith*" ón gceirnín, "*Trup, Trup, a Chapaillín*" . . .

I

Oíche mhaith, a Nóirín,
Tá tú ag dul a luí,
Oíche mhaith, a Nóirín,
Tá tú tuirseach, a stór, mo chroí.

II

Téigh a chodladh, a Nóirín,
Téigh a chodladh, a chroí,
Tá an oíche ag titim,
Tá sé in am duit dul a luí.

III

Imigh suas an staighre,
Imigh suas go réidh
Téigh síos ar do ghlúine,
Is abair paidir bheag chun Dé.